Foirm 12A

Iarratas ar Theastas Creidmheasanna Cánach agus Scoithphointe an Ráta Chaighdeánaigh

Líon isteach i mBLOC-CHEANNLITREACHA na codanna cuí.

A. Sonraí Pearsanta

Teideal

Réamhainm

Sloinne

Seoladh

NÓTA: NÍ MÓR GACH CEIST I gCUID A A FHREAGAIRT. FÉACH NÓTA 2 SA BHILEOG CHABHRACH.

Dáta Breithe / /

Náisiúntacht

Uimh. PSP

(Féach Nóta 3 sa Bhileog Chabhrach)

Má tá Uimh. PSP agat *ACH* nach féidir leat í a sholáthar tabhair:

Do Shloinne Tráth Breithe *más éagsúil*

Sloinne Mháthar tráth Breithe

B. Sonraí Cónaithe *(Féach Nóta 4 sa Bhileog Chabhrach)*

Má bhí cónaí ort lasmuigh den Stát i rith na tréimhse 24 mhí seo caite luaigh le do thoil:

An dáta a chuaigh tú thar lear *(más Saoránach na hÉireann tú)* / /

An dáta a shroich tú/nó a d'fhill tú ar an Stát / /

An tír ina raibh cónaí ort sular tháinig tú anseo

An fad atá beartaithe agat fanacht anseo *(an líon míonna/blianta)*

An bhfuil tú anseo ar bhonn Buan/Sealadach

C. Sonraí Fostaíochta/Pinsin

(Faigh an t-eolas seo ó d'fhostóir le do thoil)

Ainm d'Fhostóra/Íocóir an Phinsin

Teil:

Seoladh an Fhostóra

Uimh. Chláraithe ÍMAT an Fhostóra

Uimh. an Aonaid (más eol)

An dáta a thosaigh an fhostaíocht / /

Uimh. Foirne/Phearsanra (más ann)

Ceird *(m.s Siúinéir, Banaltra, etc.)*

Lánaimseartha **Páirtaimseartha**

Minicíocht Pá **Seachtainiúil** **Coicisiúil** **Míosúil**

An bhfuil gaol agat le d'fhostóir trí phósadh nó eile? **Tá** **Níl**

Má tá, luaigh an gaol *(m.s. mac, iníon, céile, etc.)*

D. Ioncam ón 1 Éanair seo caite go dáta

Má tá tú ag fáil ioncaim ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh luaigh le do thoil:

An cineál íocaíochta

(m.s. Sochar Dífhostaíochta, Pinsean Leasa Shóisialaigh, Sochar Míchumais, Íocaíocht do Theaghlach Aontuismitheora etc.)

An dáta a thosaigh an íocaíocht / /

Suim sa tseachtain €

An dáta a scoireadh den íocaíocht, má scoireadh / /

Má bhí tú fostaithe roimhe

Ainm & Seoladh an fhostóra dheireanaigh

An dáta a scoireadh den fhostaíocht seo / /

An bhfuair tú Foirm P45 ar scor? **Fuair** **Ní bhfuair**

Ceangail Foirm P45 má tá sí i do sheilbh

E. Sonraí Ioncaim ar bith eile

(m.s. Ioncam as Scair-roghanna, Pinsin sa Stát Aontaithe/Ríochta Aontaithe, Cíosanna, Ús, Dibhinní, Feirmeoireacht, Féinfhostaíocht etc.)

Tuairisc an Ioncaim	Suim sa Bhliain (Tú Féin)	Suim sa Bhliain (Do Chéile)

F. Éileamh ar Chreidmheasanna Cánach agus Fhaoisimh

Cuir tic le do thoil le creidmheasanna cánach is mian leat a éileamh -

Creidmheas Cánach do Dhuine Singil ☐	*Creidmheas Cánach do Ghaol Cleithiúnach ☐	*Creidmheas Cánach do Leanbh Éagumasaithe ☐
Creidmheas Cánach do Dhuine Pósta ☐	*Creidmheas Cánach do Thuismitheoir ar baintreach é/í ☐	Creidmheas Cánach Aoise más mó ná 65 ☐
Creidmheas Cánach do Bhaintreach (Fír/Mná) ☐	*Creidmheas Cánach do Dhaill ☐	*Faoiseamh Cíosa ☐
*Creidmheas Cánach do Theaghlach Aontuismitheora ☐	*Creidmheas Cánach do Chúramór Baile ☐	*Faoiseamh ar Tháillí Teagaisc ☐
*Faoiseamh ar chúram do Dhuine Éagumasaithe ☐		

Sintiúis Cheardchumainn Bhliantúla €

Muirir Sheirbhísí: Suim íoctha sa bhliain féilire roimhe €

Is féidir go mbeidh tuilleadh sonraí ag teastáil maidir le míreanna a ngabhann * leo. Déanfar teagmháil leat i dtaca le d'éileamh.

G. Sonraí faoin gCéile

Más baintreach (fir/mná) tú agus gurb é seo an chéad éileamh uait ar Chreidmheas Cánach do Bhaintreach (fir/mná) luaigh

Dáta bhás an chéile / / Uimh. PSP an chéile

Má tá tú Scartha/Colscartha agus gurb é seo an chéad éileamh cánach uait mar dhuine scartha luaigh

An Dáta Scartha/Colscartha / / Uimh. PSP an chéile

(Ceangail cóip d'aon doiciméid dhlíthiúla a bhaineann leis)

Má tá tú pósta agus go bhfuil tú ag éileamh an Chreidmheasa Cánach do Dhuine Pósta luaigh i gcás do chéile

Ainm Náisiúntacht

Tír Chónaithe Dáta Breithe / /

Tabhair sonraí faoi ioncam do chéile le do thoil

Ainm & Seoladh Fhostóir do Chéile

Uimh. PSP do chéile

Minicíocht Pá Seachtainiúil ☐ Coicísiúil ☐ Míosúil ☐

Foinsí eile Ioncaim

Má phós tú sa dá bhliain seo caite luaigh an dáta pósta / /

DEARBHÚ

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas ar fad atá tugtha agam ar an bhfoirm seo ceart chomh fada agus is eol dom agus mar a chreidim.

Síniú **Dáta** / /

Uimh. Theileafóin i rith an lae

Comhlánaigh an fhoirm seo agus cuir ar ais chuig d'Oifig Chánach Réigiúnach le do thoil a luaithe is féidir leat.

Ag cur ar ais na foirme seo duit, úsáid clúdach ar bith agus scríobh SAORPHOST lastuas den seoladh.

Má tá tuilleadh eolais nó soiléiriú uait faoi aon phointe déan teagmháil le do thoil le d'Oifig Chánach Réigiúnach, a bhfuil an uimhir ina leith liostaithe ar an mBileog Chabhrach atá ceangailte leis seo.

Iarratas ar Theastas Creidmheasanna Cánach

Beidh ort Foirm 12A a chomhlánú chun iarratas a dhéanamh ar do Theastas Creidmheasanna Chánach agus Scoithphointe an Ráta Chaighdeánaigh má bhaineann ceann or bith acu seo leis an scéal:

- tá tú ag tosú i do ***chéad*** fhostaíocht sa Stát
- is saoránach tú de thír eile ag cónaí in Éirinn agus tú ag tosú i do ***chéad*** fhostaíochta sa Stát
- tá tú ag atosú i bhfostaíocht tar éis tréimhse dífhostaíochta.

Nóta 1: Conas a dhéanaim iarratas ar mo Theastas Creidmheasanna Cánach?

Comhlánaigh na codanna iomchuí ar Fhoirm 12A. Déanfar próiseáil go gasta ar d'éileamh má luann tú **d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimh. PSP), Uimhir Chláraithe d'Fhostóra**, agus má chomhlánaíonn tú codanna ábhartha na foirme ar fad. Cuir an fhoirm arna comhlánú chuig d'Oifig Chánach Réigiúnach nó buail isteach go pearsanta leis an bhfoirm chomhlánaithe. Cuirfear fógra chugat féin agus chuig d'fhostóir maidir le do chreidmheasanna cánach agus scoithphointe an ráta chaighdeánaigh. Déanfaidh d'fhostóir ansin na hasbhaintí cánach is gá as do thuarastal.

Nóta 2: Ní mór gach ceist i gcuid A a fhreagairt.

Tá sé tábhachtach go dtabharfaí freagra iomlán ar **gach** ceist i gCuid A. Mura ndéantar sin cuirfear an fhoirm ar ais chugat lena comhlánú. Is féidir go gcuirfí moill dá bharr ar do Theastas Creidmheasanna Cánach agus Scoithphointe an Ráta Chaighdeánaigh agus go n-asbhainfí cáin freisin, dá thoradh, as do thuarastal ar Rátaí Éigeandála.

Nóta 3: Conas a fhaighim m'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimh. PSP)?

I gcoitinne ní bheidh Uimhir PSP ag saoránaigh de chuid na hÉireann a rugadh roimh 1971 agus nach bhfuil cláraithe cheana do cháin sa Stát, ná ag saoránaigh de thíortha eile atá ag teacht chun obair anseo. Mura bhfuil Uimhir PSP agat ní foláir duit clárú le hOifig Áitiúil Leasa Sóisialaigh de chuid na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Caithfidh tú é sin a dhéanamh **sula** ndéanfaidh tú iarratas ar do Theastas Creidmheasanna Cánach.

Tugtar sa **Bhileog SW100 (Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí)** a eisíonn an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh faisnéis bhreise ar conas clárú le haghaidh d'Uimhir PSP. Tá an bhileog ar fáil ó d'Oifig Áitiúil Leasa Sóisialaigh agus ar shuíomh gréasáin na Roinne ag **www.welfare.ie**

Nóta 4: Treoracha Ginearálta do dhaoine ag teacht chun cónaí in Éirinn dóibh.

Tá tionchar ag stádas cónaithe agus sainchónaithe ar dhliteanas daoine do cháin in Éirinn agus ar an gceart atá acu ar Chreidmheasanna Cánach. Tá sé tábhachtach a rá leis an oifig chánach céard atá ar intinn agat maidir le cónaí in Éirinn. Saoránaigh na hÉireann atá ag filleadh chun obair in Éirinn agus saoránaigh de thíortha eile atá ag teacht chun obair in Éirinn, caithfidh siad na ceisteanna cónaithe ag **Cuid B ar Fhoirm 12A** a fhreagairt. Sa chuid seo luaigh ar aistrigh tú nó ar fhill tú chun cónaí anseo ar bhonn buan nó sealadach. Má tá tú ag cónaí anseo ar feadh tréimhse sealadaí nó le haghaidh obair saoire, luaigh cé chomh fada agus atá beartaithe agat fanacht. Cuideoidh an fhaisnéis seo le d'Oifig Chánach Réigiúnach chun do theidlíochtaí creidmheasa cánach a chinneadh.

Tugtar inár bhfoilseachán **'RES 2 Ag teacht chun cónaí in Éirinn'** faisnéis ghinearálta ar ár rialacha Cónaithe.

Nóta 5: Céard is Cáin Éigeandála ann?

Mura bhfuil Teastas Creidmheasanna Cánach agus Scoithphointe an Ráta Chaighdeánaigh á choinneáil ag an bhfostóir duit, asbhainfear cáin ar Rátaí Éigeandála. Tá rialacha éagsúla i gceist áfach de réir mar a thugann tú nó nach dtugann tú d'Uimhir PSP do d'Fhostóir.

Má thugann tú d'Uimhir PSP do d'fhostóir, ciallaíonn sé, maidir leis na ceithre sheachtain tosaigh den fhostaíocht, go ríofar cáin ar an bpá comhlán ar an ráta caigheánach 20%, go

Scoith agus coimeád an Bhileog Chabhrach seo

laghdófar an cháin de 1/52 (más seachtainiúil) nó 1/12 (más míosúil) den chreidmheas cánach pearsanta. Do na ceithre sheachtain ina dhiaidh sin, ríofar cáin ar an ráta caighdeánach gan aon chreidhmheas cánach. Ón naoú seachtain ar aghaidh ríofar cáin ar an ardráta agus ní thabharfar aon chreidmheas cánach.

Mura dtugann tú d'Uimhir PSP do d'fhostóir, ríofar cáin ar an ardráta agus ní thabharfar aon chreidmheas cánach. Leanfaidh sé seo ar aghaidh go dtí go dtabharfaidh tú d'Uimhir PSP do d'fhostóir nó go bhfaighfear Teastas Creidmheasanna Cánach.

Tá sé an-tábhachtach go bhfaigheann tú do Theastas a luaithe is féidir chun asbhaintí Cánach Éigeandála a sheachaint.

Tuilleadh Eolais

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, seoladh d'Oifige Cánach Réigiúnaí san áireamh, glaoigh le do thoil ar an uimhir Lóghlao ábhartha as an liosta thíos.

Tá ár n-oibríochtaí cánach bunaithe go príomha anois timpeall ar réigiúin atá sonraithe go soiléir, agus contae amháin nó níos mó i ngach ceann acu. Tá roinnt ceantar i ngach réigiún ar leith. Déileáiltear le custaiméirí anois sa cheantar ina bhfuil cónaí orthu.

An Réigiún Teorann, Lár-Tíre agus Iarthair **1890 777 425**

An Cabhán, Dún na nGall, an Ghaillimh, An Longfort,
Lú, Liatroim, Maigh Eo, Muineachán, Uíbh Fhailí,
Roscomán, Sligeach, An Iarmhí

Réigiún Bhaile Átha Cliath **1890 333 425**

Áth Cliath(Cathair agus Contae)

Réigiún an Oirthir agus an Oirdheiscirt **1890 444 425**

Ceatharlach, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois,
an Mhí,Tiobraid Árann, Port Láirge,
Loch Garman, Cill Mhantáin

Réigiún an Iardheiscirt **1890 222 425**

An Clár, Corcaigh, Ciarraí, Luimneach

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann glaoigh le do thoil ar
00 353 (1) 647 4444.
Mar mhalairt, is féidir leat logáil isteach ar ár suíomh gréasáin ag **www.revenue.ie**